Cuntas Leithreasa 2017

# Vóta 24

# Dlí agus Ceart agus Comhionannas

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 24, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ar fhoireann na Seirbhíse Promhaidh agus seirbhísí áirithe eile, lena n-áirítear íocaíochtaí faoi scéimeanna airgead-teoranta atá á riar ag an Oifig sin, agus íocaíochtaí deontas agus deontas áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2017, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €21.55 illiún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas iad Ráiteas na mBeartas agus na bPrionsabal Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

**Aistriú Feidhmeanna**

Aistríodh an fhreagracht as an Údarás Rialála Carthanas chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail le héifeacht ón 26 Iúil 2017 faoin Ordú Carthanas (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2017 (I.R. Uimh. 348 de 2017).

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Dímheas***

Déantar sócmhainní caipitil a dhímheas de réir méid chothroim thar a saolré úsáideach mheasta ag tosú sa mhí ina gcuirtear an tsócmhainn i mbun seirbhíse. Déantar foirgnimh a dhímheas ar ráta 2% in aghaidh na bliana de réir méid chothroim thar an saolré úsáideach mheasta. Déantar feithiclí agus trealamh a dhímheas ag ráta 20% in aghaidh na bliana de réir mhéid chothroim thar a saolré úsáideach mheasta.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don Chóras Rialaithe Inmheánach Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Cuirtear seirbhísí párolla agus acmhainní daonna ar fáil don Roinn ar bhonn seirbhísí comhroinnte ag an Oifig Náisiúnta um Seirbhísí Comhroinnte.

Bím ag brath ar litir dearbhaite ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta um Sheirbhísí Comhroinnte chun na rialaithe cuí a fheidhmiú i rith na seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn.

Tá litir dearbhaite soláthartha agam do na hOifigigh Chuntasaíochta, ag fáil seirbhísí comhroinnte airgeadais ó lár-ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne i gCill Airne, maidir leis na rialaithe atá curtha ar bun.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh
- tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe
- tá córais in áit chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgais agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear leis seo na heilimintí seo a leanas:

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC
- treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.

***Soláthar Poiblí***

Deimhníonn an Roinn go gcomhlíontar an dlí i dtaca le soláthar agus polasaí agus modhanna Rialtais. Baineann sí leas as bunachar sonraí lárnach chun cros-seiceáil a dhéanamh de láimh ar thuarascálacha caiteachais a tharraingítear as an gCóras Bainistíochta Airgeadais chun a chinntiú go bhfuil an caiteachas ag teacht le modhanna cuí soláthair. Tá formhór mór na dtairiscintí á reáchtáil anois ag an Oifig um Sholáthar Rialtais nó i gcomhar leis an Oifig. Nuair a mheastar nach bhfuil an próiseas tairisceana indéanta, mar a shamhlaítear i gciorclán 40/2002. lorgaítear faomhadh ón Oifigeach Soláthair. Seoltar tuairisceán bliantúil chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an Oifig um Sholáthar Rialtais de réir mar a éilíonn an ciorclán.

Táthar ag tabhairt tuairisc ar naoi socrú soláthair is tríocha san iomlán faoi Chiorclán 40/2002 sa bhliain 2017, ar socruithe iad a ngabhann luach iomlán €6,577,674 leo (gan CBL a áireamh, mar a cheanglaítear leis an gciorclán). De na 39 socrú soláthair, tá 33 cinn ina socruithe dílsithe nach féidir aon chleachtadh margaidh a dhéanamh ina leith, i dtuairim na saineolaithe gairmiúla ábhartha, nó atá bainteach leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (e.g. tá an próiseas ag tógáil níos mó ama ná a bhíothas ag súil leis, agóidí dlíthiúla, etc.).

Bristear síos iad mar seo a leanas:

- Cúig chás déag chás le caiteachas iomlán ar luach €2,249,874, mar a bhfuil soláthróir aonair i gceist, a bhain den chuid is mó le hEolaíocht Fhóiréinseach na hÉireann agus le caiteachas a bhain le TFC. Is sa chatagóir seo is mó a n-eascraíonn socruithe tacaíochta fadtéarmacha nó i dtaca le tomhaltáin do threalamh dílsithe saotharlainne. Tá costais athnuachana bliantúla cheadúnas dílsithe TFC san áireamh freisin.
- Dhá chás is fiche le caiteachas iomlán ar luach €4,253,260, mar a síntear conradh atá i bhfeidhm cheana agus socruithe a bhfuil OSR i gceannas orthu á gcur i bhfeidhm. Tá ocht gcinn déag díobh sin faoi réir creat a bheith curtha i bhfeidhm ag an Oifig um Sholáthar Rialtais nó tairiscintí forlíontacha a bheith reáchtáilte aici chun freastal ar riachtanais na Roinne i margaí éagsúla, go háirithe TFC, slándáil foirgneamh, ateangaireacht agus aistriúchán, agus trealamh Líonra TFC. Mar thaca le beartas na hOifige um Sholáthar Rialtais maidir le "guth amháin chun an mhargaidh", meastar go ginearálta nach bhfuil sé stuama dul chun an mhargaidh le haghaidh tairiscintí sealadacha gearrthéarmacha. Tugadh seacht gcinn de na conarthaí sin chun críche.
- Dhá chás le caiteachas iomlán de €74,540 i gcás cosc an ceanglas maidir le heolas an-speisialaithe ag rith tairiscint. Baineann ceann amháin le haimsiú taisí íospartach agus baineann an ceann eile le saineolaí idirnáisiúnta a thacóidh leis an gCoimisiún ar Thodhchaí na Póilíneachta.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d’aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomh rioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta tógtha le tabhairt fúthu agus, don méid agus is féidir, na riosca seo a mhaolú.

Tá clár rioscaí í bhfeidhm a aithníonn na príomh rioscaí donRoinn agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a tábhachta. Déantar athbhreithniú agus uasdátú ar an chlár ag an mBord Bainistíochta (BB) go ráithiúil. Tá toradh na measúnuithe seo úsáidte le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialaithe agus gníomhaíochtaí is gá leis na rioscaí a mhaolú agus bronann sé feidhmiú rialaithe do bhaill foirne áirithe.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl dóibh siúd freagrach as gníomhaíocht ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don BB, áit is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil príomh rioscaí agus na rialaithe bainteach aitheanta agus tá próisis curtha in áit le monatóireacht a dhéanamh ar na príomh rialaithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag anRoinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtúlacht an chórais do rialú inmheánach airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an chreat do rialú inmheánach airgeadais.

***Saincheisteanna Rialaithe Inmheánacha Airgeadais***

Ag teacht sna sála ar na moltaí a rinneadh i dtuarascálacha iniúchóireachta le déanaí, bíonn an Roinn i mbun rialaithe airgeadais agus rialaithe eile a athbhreithniú agus a neartú ar bhonn leanúnach i bpróisis i réimsí amhail bainistíocht tionscadal TFC, riar deontas agus bainistíocht riosca.

**Oonagh McPhillips**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

29 Márta 2018

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Dlí agus Ceart agus Comhionannas agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

***Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair***

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2017.

**Seamus MacCárthaigh**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

21 Meán Fómhair 2018

# Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas

## Cuntas Leithreasa 2017

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas chláir** | | | | |
| A | Ceannaireacht agus maoirseacht ar pholasaí ceartais agus comhionannais agus cur i bhfeidhm | 59,956 | 55,048 | 48,631 |
| B | Éire slán, sábháilte | 160,653 | 162,099 | 153,075 |
| C | Fáil ar cheartas do chách | 51,529 | 44,281 | 42,726 |
| D | Sochaí chothrom uilechuimsitheach | 22,232 | 19,435 | 15,645 |
| E | Córas inimirce, tearmainn agus saoránachta atá éifeachtach, so-fhreagrach agus cothrom | 145,192 | 141,925 | 129,765 |
| | Ollchaiteachas | **439,562** | **422,788** | **389,842** |
| | *Luíde* | | | |
| F | **Leithreasaí i gcabhair** | **60,598** | **66,118** | **64,949** |
| | **Glanchaiteachas** | **378,964** | **356,670** | **324,893** |

**Farasbarr le géilleadh**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime a cuireadh i bhfeidhm dlite le géilleadh don Státchiste.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 22,293,659 | 25,522,743 |
| Géilleadh iarchurtha | (741,000) | — |
| | **21,552,659** | **25,522,743** |

**Oonagh McPhillips**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

29 Márta 2018

# Nótaí don Chuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2017

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachaschláir** | | 378,553 | 346,537 |
| Pá[a] | | 24,388 | 23,526 |
| Neamhphá | | 19,847 | 19,779 |
| **Ollchaiteachas** | | **422,788** | **389,842** |
| Lu ide | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **66,118** | **64,949** |
| **Glanchaiteachas** | | **356,670** | **324,893** |
| **Athraithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim um cheannachán | (7,136) | | |
| Dímheas | 4,585 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 8 | | |
| Airgead tirim um dhiúscairtí | 2 | | |
| | | (2,541) | 2,702 |
| **Athraithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhraithe deiridh | 2,988 | | |
| Laghdú ar stoc | 988 | | |
| | | 3,976 | 3,125 |
| **Caiteachas díreach** | | **358,105** | **330,720** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 41,224 | 32,221 |
| Measchíosanna | | 4,606 | 4,493 |
| **Costas chláir ghlan** | | **403,935** | **367,434** |

[a] Áirítear leis an bhfigiúrpá le haghaidh 2017 tuarastail don Ionad Comhsheirbhísí Airgeadais ar bhionanniad agus €3,897,016 (2016: €4,138,719). Tá an costasgearrtha i gClár A – Ceannaireacht agus maoirseacht ar pholasaí ceartais agus comhionannais agus cur i bhfeidhm, fotheideal A.1 Riarachán – pá.

## 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá glanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 24 a iompraíodh in áit eile agus costas cionroinnte lárionad seirbhísí comhroinnte na Roinne.

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 194 | 199 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 31,849 | 23,504 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 12,222 | 12,662 |
| Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Seirbhísí Roinnte | m | 326 | 272 |
| Vóta 20 An Garda Síochána | m | 185 | 170 |
| Lárchiste – Pinsin na nAirí | | 186 | 208 |
| | | 44,962 | 37,015 |
| Vóta 24 Seirbhísí Caolmhara - costas cionroinnte an Lárionaid Sheirbhísí Roinnte Airgeadais | m | (3,738) | (4,794) |
| | | **41,224** | **32,221** |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## Nóta 2 Ráiteas an Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 20,202 | 18,598 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 37,462 | 27,248 |
| Stoic | 2.4 | 640 | 1,628 |
| Réamhíocaíochtaí | | 4,693 | 6,723 |
| Ioncam fabhraithe | | 4,100 | 4,435 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 1,168 | 604 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **48,063** | **40,638** |
| Lúide dliteanais reatha | | | |
| Costais fhabhraithe | | 6,503 | 5,876 |
| Ioncam iarchurtha | | 99 | 103 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 37,242 | 27,229 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.7 | 1,388 | 623 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **45,232** | **33,831** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **2,831** | **6,807** |
| **Glansócmhainní** | | **23,033** | **25,405** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **23,033** | **25,405** |

### 2.1 Cuntas maoiniú Stáit

| | Nóta | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 25,405 | 31,512 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 378,964 | | |
| Géilleadh iarchurtha | | (741) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (21,553) | | |
| Vóta glan | | | 356,670 | 324,893 |
| Glanchaiteachas (airgead tirim) iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 41,224 | 32,221 |
| Caiteachas neamh-airgid – measchíosanna | 1 | | 4,606 | 4,493 |
| Costas chláir ghlan | 1 | | (403,935) | (367,434) |
| Coigeartú as sócmhainní caipitil a aistriú amach | 2.2 | | (937) | (280) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **23,033** | **25,405** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Feithiclí agus trealamh | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Sócmhainní Caipitil á bhForbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2017 | 6,901 | 1,555 | 98,750 | 2,857 | 2,041 | 112,104 |
| Breiseanna | — | 502 | 2,493 | 24 | 4,117 | 7,136 |
| Aistriú amach [1] | — | (27) | (777) | (129) | (395) | (1,328) |
| Curtha in úsáid | — | — | 2,154 | — | (2,154) | — |
| Diúscairtí [2] | — | (40) | (1,132) | (32) | — | (1,204) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2017 | 6,901 | 1,990 | 101,488 | 2,720 | 3,609 | 116,708 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2017 | 1,170 | 1,035 | 89,057 | 2,244 | — | 93,506 |
| Dímheas don bhliain | 138 | 176 | 4,126 | 145 | — | 4,585 |
| Dímheas aistriú amach [1] | — | (27) | (350) | (14) | — | (391) |
| Dímheas ar dhiúscairtí [2] | — | (40) | (1,123) | (31) | — | (1,194) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2017 | 1,308 | 1,144 | 91,710 | 2,344 | — | 96,506 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017** | **5,593** | **846** | **9,778** | **376** | **3,609** | **20,202** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016 | 5,731 | 520 | 9,693 | 613 | 2,041 | 18,598 |

[1] Baineann na sócmhainní a aistríodh amach go príomha le freagracht as an Údarás Rialála Carthanas a aistriú chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail i mí Iúil 2017. Baineann an mhír sa chatagóir 'Feithiclí agus Trealamh' le feithicil a raibh costas bunaidh €27,000 aici agus a aistríodh ón mBiúró um Shócmhainní Coiriúla chuig Vóta an Gharda Síochána.

[2] Ag eascairt as athbhreithniú leanúnach ar shócmhainní seasta, baineadh roinnt acmhainní den chlár sa bhliain 2017, nach raibh aon luach acu, agus nach raibh ann le linn an fhardail. Is iad na hacmhainní seo atá i gceist leis an bhfigiúir a bhaineann le diúscairtí sa bhliain 2017.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Airgead tirim agus iarmhéideanna an Phámháistir Ginearálta | 24,315 | 17,922 |
| Cuntais bhainc thráchtála | 13,147 | 9,326 |
| | **37,462** | **27,248** |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Páipéarachas | 149 | 158 |
| Tomhaltais fóiréinseacha | 383 | 233 |
| Tomhaltais TF | 39 | 36 |
| Cártaí clárúcháin inimirce | 11 | 1,128 |
| Ilghnéitheach | 33 | 26 |
| Foilseacháin | — | 23 |
| Trealamh/éadach | 25 | 24 |
| | **640** | **1,628** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Airleacain d'Oifig na nOibreacha Poiblí | 868 | 29 |
| Óinchistí | 53 | 56 |
| Aisghabháil na scéime pas taistil | 160 | 424 |
| Glacadóireacht an Biúró um Shócmhainní Coiriúla | 35 | 35 |
| Eile | 52 | 60 |
| | **1,168** | **604** |

## 2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Méideanna dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 1,935 | 2,592 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa | 1,129 | 1,349 |
| Cáin Bhreisluacha | 314 | 216 |
| Cáin Fhoirgníochta | — | 1 |
| Cáin Iarchoimeádta ar Sheirbhísí Gairmiúla | 2,225 | 2,096 |
| Iarmheideanna I gcuntais roinne | 13,147 | 9,326 |
| | 18,750 | 15,580 |
| Asbhaintí párolla atá gcoinneáil ar fionraí | 752 | 863 |
| Cistiú ciste sóisialtana heorpa ar son tionscadalréamh-cuimsiú sóisialta 2014 – 2020 | 2,979 | 1,702 |
| Réamhíocaíochtaí An Ciste Tearmainn, Imirce agus Imeasctha 2014–2020 | 14,184 | 8,473 |
| Athlonnaíocht éigeandála agus tionscadail reach | 53 | 53 |
| Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste | 7 | 1 |
| Eile | 517 | 557 |
| | **37,242** | **27,229** |

## 2.7 Glandliteanas don Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 21,553 | 25,523 |
| Géilleadh iarchurtha | 741 | — |
| Deontas ón Státchiste | (20,906) | (24,900) |
| **Glandliteanas don Státchiste** | **1,388** | **623** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 37,462 | 27,248 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 1,168 | 604 |
| | 38,630 | 27,852 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (18,750) | (15,580) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (18,492) | (11,649) |
| | (37,242) | (27,229) |
| | **1,388** | **623** |

## 2.8 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 8,108 | 6,162 |
| Tograí caipitil | 1,861 | 51 |
| Iomlán na dtiomantais infheidhmithe le dlí | **9,969** | **6,213** |

## 2.9 Dliteanais aibithe

Ní raibh aon dliteanais aibí neamhscaoilte ag deireadh na bliana 2017 nó sa bhliain roimhe sin.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fho-mhírcheann

### Anailís ar chaiteachais riaracháin

Tugann an nóta seo a leanas anailís ar an chaiteachas riaracháin don Vóta agus achoimre ar na fáthanna do athrúcháin shuntasacha (+/- 25% agus €100,000). Tá caiteachas riaracháin roinnte tríd na chláir, le costais chláir iomlán a chur I láthair.

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Táirgeacht** | **Taírgeacht** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 20,077 | 20,491 | 19,387 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 340 | 386 | 274 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 3,517 | 6,099 | 5,139 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 635 | 1,495 | 1,213 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 5,735 | 8,771 | 8,946 |
| vi | Costais áitribh oifige | 1,633 | 1,492 | 2,024 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 73 | 30 | 136 |
| viii | Taighde | 282 | 80 | — |
| ix | Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | 7,322 | 5,391 | 6,186 |
| | | **39,614** | **44,235** | **43,305** |

**Athrúcháin shuntasacha**

*iii* *Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha*

Soláthar an mheastacháin €3.517 milliún, táirgeacht: €6.099 milliún

Tháinig an barrachas €2.582 milliún aníos go príomha as costais oiliúna agus forbartha foirne a bhí cothrom le thart ar €0.400 milliún, costais dlí a bhí cothrom le thart ar €0.390 milliún agus costais eile riaracháin a bhí cothrom le €1.792 milliún, lenar áiríodh seirbhísí a conraíodh go seachtrach agus táillí comhaltaí boird.

*iv* *Seirbhísí poist agus teileachumarsáide*

Soláthar an mheastacháin €0.635 milliún, táirgeacht: €1.495 milliún

Tháinig an barrachas €0.860 milliún aníos go príomha as costais mhéadaithe i líonra achair fhairsing (WAN) agus líonra achair logánta (LAN) a sholáthar don Roinn, lenar áiríodh costais bhreise suiteála do láithreacha áirithe sa bhliain 2017. Bhí caiteachas breise ann freisin ar mhiontrealamh teileachumarsáide a athsholáthar agus a uasghrádú, lenar áiríodh míreanna amhail fóin phóca nua.

*v* *Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha*

Soláthar an mheastacháin €5.735 milliún, táirgeacht: €8.771 milliún

Tháinig an caiteachas barrachais €3.036 milliún aníos go páirteach as costais a bhí bainteach le leathnú leantach na seirbhíse comhroinnte TFC ó thaobh an lín úsáideoirí, eagraíochtaí agus suíomhanna de mar aon le costais cheadúnúcháin bhogearraí a bhí bainteach leis an aistriú straitéiseach chuig timpeallacht bunaithe ar Microsoft le haghaidh soláthar leanúnach seirbhísí agus soláthar seirbhísí sa todhchaí. De bhreis air sin, ba chúiseanna le caiteachas breise iad na costais a d'eascair as an Mol Oibriúcháin Ceartais Choiriúil a fhorbairt agus as feabhsuithe ginearálta a chur ar anailís sonraí, cáilíocht sonraí agus comhroinnt sonraí sa Roinn.

*viii* *Taighde*

Soláthar an mheastacháin €0.282 milliún, táirgeacht: €0.080 milliún

Tháinig an choigilt €0.202 milliún chun cinn mar gur lú an caiteachas ná a bhíothas ag súil leis, nuair a bhíothas ag fanacht le cur i gcrích straitéis Sonraí agus Taighde na Roinne.

*ix* *Seirbhísí comhroinnte airgeadais*

Soláthar an mheastacháin €7.322 milliún, táirgeacht: €5.391 milliún

Tháinig an choigilt €1.931 milliún aníos go príomha mar go raibh costais TFC thart ar €1.2 milliún níos ísle ná a bhí siad roimhe sin, lenar áiríodh costais tacaíochta seachtraí, agus mar go raibh coigilt de thart ar €0.260 milliún ann ar chostais phoist agus teileachumarsáide agus ar chostais eile riaracháin. Bhí coigilt €0.471 milliún ann ar phárolla freisin.

## Clár A Ceannaireacht agus maoirseacht ar pholasaí ceartais agus comhionannais agus cur i bhfeidhm

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Táirgeacht | Táirgeacht |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán - pá | 8,905 | 8,587 | 8,576 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 5,751 | 5,694 | 6,106 |
| A.3 | Cigireacht na bPríosún | 384 | 303 | 481 |
| A.4 | Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána | 9,577 | 8,769 | 8,386 |
| A.5 | Oifig Chigireachta na nGardaí | 1,262 | 797 | 904 |
| A.6 | Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí | 7,526 | 6,174 | 3,906 |
| A.7 | Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann | 683 | 433 | 786 |
| A.8 | Údarás Lárnach | 135 | 80 | 19 |
| A.9 | An tÚdarás um Rialáil Seirbhísí Dlí | 1,001 | 1,023 | 1,001 |
| A.10 | Údarás Rialála na Seirbhísí Réadmhaoine | 1,880 | 1,971 | 1,915 |
| A.11 | Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | 7,259 | 5,624 | 6,528 |
| A.12 | Suirbhéireacht Ordanáis Éireann | 15,593 | 15,593 | 7,315 |
| | An tÚdarás um Rialáil Carthanas | — | — | 2,708 |
| | | **59,956** | **55,048** | **48,631** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €4.908 milliún níos ísle ná mar a bhí curtha ar fail ar dtús. Bhí €0.375 milliún de seo bainteach le caiteachas riaracháin agus tá cur síos ar sin cheana féin agus iarmhéid an difríochta de €4.533 milliún de bharr seo a leanas go príomha:

*A.4 Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána*

Soláthair an mheastacháin: €9.577 milliún, táirgeacht: €8.769 milliún

Tháinig an choigilt €0.808 milliún i gcaiteachas aníos go príomha as cinneadh gan leanúint le himscrúdú ar líomhaintí gur cealaíodh Fógraí Muirir Sheasta go héagórach. Rinneadh an cinneadh sin mar thoradh ar an oll-athchóiriú a rinneadh ar an gCóras Próiseála Muirear Seasta ón uair a tarchuireadh an t-ábhar chuig an gCoimisiún ar dtús i leith. Fritháiríodh an choigilt €1 mhilliún sin go páirteach le roinnt costais bhreise, lenar áiríodh obair bhunriachtanach feabhsúcháin foirgnimh, méadú bliantúil cíosa agus costais eile atá bainteach le sainfhoirne a bhunú, ar nithe iad a laghdaigh an tearc-chaitheamh foriomlán go €0.808 milliún.

*A.5 Oifig Chigireachta na nGardaí*

Soláthar an mheastacháin: €1.262 milliún, táirgeacht: €0.797 milliún

Tháinig an choigilt €0.465 milliún chun cinn go príomha mar gheall ar choigiltí ar chaiteachas pá agus ar chaiteachas neamhphá. Ba go príomha mar thoradh ar mhoill earcaíochta maidir le baill d'fhoireann na Cigireachta a athsholáthar a bhí coigilt €0.203 milliún ann ar phárolla. Tháinig an chuid eile den choigilt, a bhí cothrom le €0.262 milliún, as laghdú ar chaiteachas oifige i roinnt réimsí, lenar áiríodh ceannacháin iompair, soláthar seirbhísí seachtracha, taisteal agus cothabháil agus obair chothabhála oifige.

*A.6 Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí*

Soláthar an mheastacháin: €7.526 milliún, táirgeacht: €6.174 milliún

Bhain an choigilt €1.352 milliún le caiteachas párolla go príomha. Fuair an Coimisinéir Cosanta Sonraí cead le haghaidh an líon foirne a mhéadú go 96 bhall foirne sa bhliain 2017. Mar sin féin, ba ar bhonn céimnithe a cuireadh baill foirne chuig an gCoimisinéir Cosanta Sonraí sa bhliain 2017 agus, mar sin de, níor earcaíodh ach thart ar 80 ball foirne faoi dheireadh na bliana 2017, rud ba chúis leis an gcoigilt san fho-mhírcheann.

*A.7 Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann*

Soláthair an mheastacháin: €0.683 milliún, táirgeacht: €0.433 milliún

Ar áireamh san choigilt €0.250 milliún ar chaiteachas tá coigilt €52,000 ar phárolla, rud a tháinig chun cinn mar nach raibh líon iomlán soláthar foirne ag an Oifig don bhliain ar fad. Tá tearc-chaitheamh €198,000 ann ar chostais neamh-phárolla, lenar áiríodh coigilt ar chíos scáileáin (thart ar €90,000) agus coigilt ar bhaill foirne ar conradh (thart ar €108,000) de bharr an laghdaithe ar aighneachtaí físeáin a fháil.

*A.11 Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann*

Soláthair an mheastacháin: €7.259 milliún, táirgeacht: €5.624 milliún

Baineann an t-choigilt €1.635 milliún i gcaiteachas le coigiltí i gcaiteachas pá agus i gcaiteachas neamhphá. Tháinig coigilt párolla €0.672 milliún chun cinn mar nach raibh líon iomlán soláthar foirne ag Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann, go háirithe sa chéad sé mhí den bhliain. Tháinig an choigilt neamh-phárolla chun cinn go príomha mar go ndearnadh forbairt córas cásbhainistíochta, a beartaíodh a dhéanamh ar dtús sa bhliain 2017, a chur siar go dtí an bhliain 2018 agus mar gur lú ná a bhíothas ag súil leis a bhí na costais a bhí bainteach leis an gcóras reatha.

## Clár B Éire slán, sabháilte

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Táirgeacht | Táirgeacht |
| | | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán - pá | 7,224 | 7,345 | 6,949 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 4,379 | 6,579 | 6,355 |
| B.3 | An Biúró um Shócmhainní Coiriúla | 7,585 | 8,259 | 6,687 |
| B.4 | Seirbhísí Promhaidh - tuarastail, pánna agus liúntais | 23,241 | 20,370 | 19,643 |
| B.5 | Seirbhísí Promhaidh - costais oibriúcháin | 3,375 | 2,699 | 3,372 |
| B.6 | Seirbhísí Promhaidh - seirbhísí do chiontóirí | 16,732 | 16,637 | 12,365 |
| B.7 | Scéim Orduithe na Seirbhíse Pobail | 2,897 | 2,008 | 1,953 |
| B.8 | Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig | 12,652 | 12,479 | 17,551 |
| B.9 | Maoiniú ar sheirbhísí d'íospartaigh na coireachta | 1,712 | 1,704 | 1,446 |
| B.10 | An Bord Athbhreithnithe Meabhairshláinte (Dlí Coiriúil) | 397 | 366 | 400 |
| B.11 | Cúiteamh ar dhíobhálacha pearsanta déanta go coiriúil | 4,233 | 4,223 | 3,963 |
| B.12 | Cúnamh dlíthiúil (coiriúil) | 49,302 | 58,140 | 52,998 |
| B.13 | Cúnamh dlí –saincheisteannacoinneála | 3,000 | 3,203 | 2,981 |
| B.14 | An Bord Parúil | 366 | 317 | 348 |
| B.15 | Bearta coiscthe coireanna | 1,097 | 253 | 397 |
| B.16 | An tÚdarás um Shlándáil Phríobháideach | 2,870 | 2,769 | 2,640 |
| B.17 | COSC- foréigean teaghlaigh, gnéasach inscne | 2,671 | 2,487 | 2,210 |
| B.18 | Eolaíocht Fhóireínseach na hÉireann | 15,971 | 11,372 | 9,741 |
| B.19 | An Paiteolaí Stáit | 949 | 889 | 1,076 |
| | | **160,653** | **162,099** | **153,075** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €1.446 milliún níos aired ná mar a bhí curtha ar fail ar dtús. Bhí €2.321 milliún de seo bainteach le caiteachas riaracháin agus tá cur síos ar sin cheana féin. Fritháiríodh é le coigilt €0.875 milliún sna fo-mhírchinn eile, go háirithe mar thoradh ar na nithe seo a leanas:

*B.3 An Biúró um Shócmhainní Coiriúla*

Soláthair an mheastacháin: €7.585 milliún, táirgeacht: €8.259 milliún

Tháinig an farasbarr €0.674 milliún i gcaiteachas chun cinn mar gur tugadh comhaltaí breise den Gharda Síochána ar iasacht don Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla agus mar gur bunaíodh an Tascfhórsa Speisialta Coireachta i mBaile Átha Cliath, rud ba chúis le costais bhreise phá agus neamhphá sa bhliain 2017. Tháinig caiteachas breise neamhphá chun cinn freisin mar gur cuireadh bille chuig an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla go mall sa bhliain 2017 as costais dlí nár íocadh.

*B.4 Seirbhísí Promhaidh - tuarastail, pánna agus liúntais*

Soláthair an mheastacháin: €23.241 milliún, táirgeacht: €20.370 milliún

Tháinig an choigilt €2.871 milliún chun cinn de bharr roinnt folúntas a bheith ann laistigh den tSeirbhís Phromhaidh agus de bharr moilleanna ar phoist eile a líonadh.

*B.5 Seirbhísí Promhaidh - costais oibriúcháin*

Soláthair an mheastacháin: €3.375 milliún, táirgeacht: €2.699 milliún

Tháinig an choigilt €0.676 milliún chun cinn go príomha mar thoradh ar mhuirear laghdaithe as tacaíocht bhainistithe TFC sa bhliain 2017, rud a d'eascair as an leas a bhaineadh go mall sa bhliain 2016 as téarmaí lascainithe réamhíocaíochta.

*B.7 Scéim Orduithe na Seirbhíse Pobail*

Soláthair an mheastacháin: €2.897 milliún, táirgeacht: €2.008 milliún

Tháinig an t-choigilt €0.889 milliún i gcaiteachas chun cinn de bharr roinnt folúntas do Mhaoirseoirí Seirbhíse Pobail a bheith ann sa tSeirbhís Phromhaidh agus mar gur earcaíodh baill foirne bhreise eile ar bhonn céimnithe sa bhliain 2017.

*B.12 Cúnamh dlíthiúil (coiriúil)*

Soláthair an mheastacháin: €49.302 milliún, táirgeacht: €58.140 milliún

Tháinig an farasbarr €8.838 milliún i gcaiteachas chun cinn de bharr líon agus chatagóir na gceisteanna coiriúla os comhair na gCúirteanna ar eisíodh deimhnithe um chúnamh dlíthiúil ina leith. Faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Dlíthiúil) 1962, is iad na Breithiúna atá freagrach as cúnamh dlíthiúil a dheonú. Is scéim í sin a threoraítear le héileamh agus is de réir théarmaí agus coinníollacha na scéime a íoctar na táillí agus na speansais atá le híoc leis na cleachtóirí dlí.

*B.13 Cúnamh dlí – saincheisteannacoinneála*

Soláthair an mheastacháin: €3.000 milliún, táirgeacht: €3.203 milliún

Tháinig an farasbarr €0.203 milliún i gcaiteachas aníos mar gur mhó ná a bhíothas ag súil leis a bhí an líon cásanna a raibh íocaíocht dlite astu i leith ionadaíocht dhlíthiúil faoin Scéim Saincheisteanna Coinneála. Is é atá sa scéim ná socrú neamhreachtúil riaracháin lena soláthraítear íocaíocht as ionadaíocht dhlíthiúil san Ard-Chúirt agus sa Chúirt Uachtarach do chineálacha áirithe cásanna nach gcumhdaítear leis an Scéim um Chúnamh Dlí Shibhialta ná leis an Scéim um Chúnamh Dlí Choiriúil.

*B.15 Bearta coiscthe coireanna*

Soláthair an mheastacháin: €1.097 milliún, táirgeacht: €0.253 milliún

Tháinig an choigilt €0.844 milliún chun cinn go príomha mar nár caitheadh leithdháileadh maoiniúcháin €0.600 milliún sa bhliain 2017, nuair a bhíothas ag fanacht le sainaithint a dhéanamh ar thionscadail oiriúnacha um choireacht a chosc a bhí bainteach le cur chun feidhme Thuarascáil Mulvey ar Lárchathair Thuaidh Bhaile Átha Cliath. Baineann an chuid is mó den tearc-chaitheamh atá fágtha le cistiú breise faoin Scéim Lacáiste Foláireamh Téacs nár tarraingíodh anuas sa bhliain 2017, mar gur fadaíodh an dáta deiridh le haghaidh iarratais a chur isteach go dtí deireadh mhí Eanáir 2018.

*B.17 COSC- foréigean teaghlaigh, gnéasach agus inscne*

Soláthair an mheastacháin: €2.671 milliún, táirgeacht: €2.487 milliún

Is féidir an choigilt €0.184 milliún i gcaiteachas a chur síos do choigilt párolla (€132,000) go príomha, rud a d'eascair as folúntais foirne agus roinnt coigeartuithe i bpatrúin oibre na foirne sa bhliain. Tháinig an chuid eile den choigilt (€52,000) chun cinn mar gur ní ba mhoille ná a bhíothas ag súil leis sa bhliain 2017 a cuireadh tús le roinnt cláir idirghabhála foréigin bhaile inarb iad fir déantóirí na mí-úsáide baile.

*B.18. Eolaíocht Fhóiréinseach na hEireann*

Soláthair an mheastacháin: €15.971 milliún, táirgeacht: €11.372 milliún

Tháinig an choigilt €4.599 milliún i gcaiteachas chun cinn go príomha mar go raibh moill ann ar thús a chur le hoibreacha cumasúcháin le haghaidh an tsaotharlann nua de chuid Eolaíocht Fhóiréinsna hÉireann i mBacastún, Co. Chill Dara, a thógáil. Cuireadh tús leis na hoibreacha cumasúcháin láithreáin i dtreo dheireadh na bliana 2017 agus táthar ag súil leis go gcuirfear tús le tógáil na saotharlainne sa bhliain 2018.

## Clár C Faílar cheartas do chách

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Táirgeacht | Táirgeacht |
| | | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán – pá | 175 | 178 | 169 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | 106 | 159 | 154 |
| C.3 | Ciste Magdalen | 4,552 | 950 | 2,400 |
| C.4 | Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta | 6,824 | 2,181 | 3,545 |
| C.5 | An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | 39,988 | 39,708 | 36,188 |
| C.6 | Ionaid saorchomhairle dlí | 98 | 98 | 98 |
| C.7 | Seirbhís Chróinéara | 786 | 1,007 | 172 |
| | | **51,529** | **44,281** | **42,726** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár C €7.248 milliún níos ísle ná mar a bhí curtha ar fail ar dtús. Bhí róchaitheamh beag €0.056 milliún ann i dtaca le caiteachas riaracháin a míníodh cheana féin. Fritháiríodh é sin le coigilt €7.304 milliún sna fo-mhírchinn eile, go háirithe mar thoradh ar na nithe seo a leanas:

*C.3 Ciste Magdalen*

Soláthair an mheastacháin: €4.552 milliún, táirgeacht: €0.950 milliún

Tháinig an choigilt €3.602 milliún chun cinn go príomha mar gheall ar an moill leanúnach ar an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015, a thabhairt i bhfeidhm. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir íocaíochtaí a dhéanamh i thart ar 17 gcás. Táthar ag fanacht le probháid le haghaidh roinnt iarratasóirí chun go mbeifear in ann íocaíocht a dhéanamh lena n-eastát faoi seach. Chomh maith leis sin, tá líon beag iarratasóirí ag breithniú na tairisceana a tugadh dóibh.

*C.4 Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta*

Soláthair an mheastacháin: €6.824 milliún, táirgeacht: €2.181 milliún

Tháinig an choigilt €4.643 milliún i gcaiteachas chun cinn go príomha mar nach raibh costais áirithe, lenar áiríodh costais dlí tríú páirtí, dlite lena n-íoc sa bhliain 2017.

*C.7 Seirbhís Chróinéara*

Soláthair an mheastacháin: €0.786 milliún, táirgeacht: €1.007 milliún

Tháinig an méadú €0.221 milliún i gcaiteachas aníos go príomha as costais bhreise neamh-phárolla a bhí cothrom le €0.342 milliún, rud lenar áiríodh seirbhísí cróinéirí ar conradh, costais dlí agus costais eile riaracháin. Fritháiríodh an barrachas sin go páirteach le coigilt €0.121 milliún i gcostais phárolla.

## Clár D Sochaí chothrom uile chuimsitheach

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Táirgeacht | Táirgeacht |
| | | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán – pá | 558 | 567 | 536 |
| D.2 | Riarachán – neamhphá | 337 | 508 | 491 |
| D.3 | An tÚdarás Náisiúnta Míchumais | 4,028 | 3,958 | 3,743 |
| D.4 | Oifig um Chur chun cinn Lánpháirtíocht na n-Imirceach | 4,957 | 3,740 | 3,660 |
| D.5 | Bearta um míbhuntáiste sóisialta (cuntais díomhaoin arna maoiniú) | 6,000 | 4,180 | 2,951 |
| D.6 | Deontais d'eagraíochtaí náisiúnta ban | 480 | 480 | 400 |
| D.7 | Tionscnaimh an Lucht Siúil | 3,230 | 2,752 | 2,080 |
| D.8 | Gníomh Dearfach um Chomhionannas Inscne | 2,385 | 3,067 | 1,511 |
| D.9 | Tionscnaimh feasachta míchumais | 257 | 183 | 273 |
| | | **22,232** | **19,435** | **15,645** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár D €2.797 milliún níos ísle ná mar a bhí curtha ar fail ar dtús. Bhí róchaitheamh €0.180 milliún ann i dtaca le caiteachas riaracháin a míníodh cheana féin. Frithháiríodh é sin le coigilt €2.977 milliún sna fo-mhírchinn eile, go háirithe mar thoradh ar na nithe seo a leanas:

*D.4 Oifig um Chur chun cinn Lánpháirtíocht na n-Imirceach*

Soláthair an mheastacháin: €4.957 milliún, táirgeacht: €3.740 milliún

Tá an choigilt €1.217 milliún ann go príomha mar gur cuireadh siar teacht thart ar leath an lín ionchais dídeanaithe a bhí ag súil leis faoi Chlár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann. B'amhlaidh sin mar thoradh ar an easpa cóiríochta a bhí ar fáil. Meastar go dtiocfaidh na dídeanaithe i gceist sa bhliain 2018.

*D.5 Bearta um míbhuntáiste sóisialta (cuntais díomhaoin arna maoiniú)*

Soláthair an mheastacháin: €6.000 milliún, táirgeacht: €4.180 milliún

Tháinig an choigilt €1.820 milliún chun cinn go príomha mar gur leathadh thar na blianta ó 2016 go 2018 an caiteachas ar thionscnaimh chaipitil agus mheantóireachta i gClár Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána in ionad é a dhéanamh go hiomlán sa bhliain 2017. Anuas air sin, b'amhlaidh, tar éis na hiarratais a fuarthas a athbhreithniú, gur lú ná a bhíothas ag súil leis a bhí an cistiú deontais a formheasadh le haghaidh tionscadail chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac.

*D.7 Tionscnaimh an Lucht Siúil*

Soláthair an mheastacháin: €3.230 milliún, táirgeacht: €2.752 milliún

Tháinig an choigilt €0.478 milliún chun cinn mar gur foilsíodh an Straitéis Náisiúnta maidir le Taistealaithe agus an Pobal Romach a Imeascadh ní ba mhoille sa bhliain 2017 ná a bhíothas ag súil leis. Dá bhrí sin, níor caitheadh an maoiniú ar fad.

*D.8 Gníomh Dearfach um Chomhionannas Inscne*

Soláthair an mheastacháin: €2.385 milliún, táirgeacht: €3.067 milliún

Is féidir an barrachas €0.682 milliún a chur síos go príomha do chaiteachas i dtaca le tionscadail faoi Chiste Sóisialta na hEorpa, d'fhonn an leas is mó a bhaint as an maoiniú ceadaithe atá ar fáil ón Aontas Eorpach maidir leis an gclár sin. Méadaíodh an leithdháileadh buiséid don fho-mhírcheann seo faoi €0.800 milliún sa bhliain 2018.

## Clár E Córas imirce, tearmainn agus saoránachta atá éifeachtach, so-fhreagrach agus cothrom

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| E.1 | Riarachán – pá | 7,583 | 7,711 | 7,296 |
| E.2 | Riarachán – neamhphá | 4,596 | 6,907 | 6,673 |
| E.3 | Ciste Tearmainn, Imirce agus Imeasctha | 1,500 | 1,353 | 18 |
| E.4 | Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann | 64,893 | 58,595 | 51,641 |
| E.5 | Cóiríocht na n-iarrthóirí tearmann | 66,620 | 67,359 | 64,137 |
| | | **145,192** | **141,925** | **129,765** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár E €3.267 milliún níos ísle ná mar a bhí curtha ar fail ar dtús d'ainneoin róchaitheamh €2.439 milliún i gcaiteachas riaracháin a míníodh cheana féin. Fritháiríodh é sin le coigilt €5.706 milliún sna fo-mhírchinn eile, go háirithe mar thoradh ar na nithe seo a leanas:

*E.3 Ciste Tearmainn, Imirce agus Imeasctha*

Soláthair an mheastacháin: €1.500 milliún , táirgeacht: €1.353 milliún

Tháinig an choigilt €0.147 milliún chun cinn mar gur tarraingíodh 10% den mhaoiniú deontais siar go dtí gur cuireadh na tionscadail i gcrích go rathúil. Is é cuspóir foriomlán Chiste an Aontais Eorpaigh um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht 2014-2020 ná bainistíocht éifeachtúil sreafaí imirce a chur chun cinn agus cur chuige coiteann de chuid an Aontais a chur chun feidhme, a neartú agus a fhorbairt maidir leis an tearmann agus leis an inimirce.

*E.4 Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann*

Soláthair an mheastacháin: €64.893 milliún, táirgeacht: €58.595 milliún

Baineann anchoigilt €6.298 milliún i gcaiteachas le coigiltí i gcaiteachas pá agus i gcaiteachas neamhphá. Tháinig coigilt pá de thart ar €2.9 milliún chun cinn mar nár cuireadh na baill foirne a sannadh do rialuithe teorann in Aerfort Bhaile Átha Cliath, do phróiseáil cásanna i Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann agus do chur chun feidhme an Achta um Chosaint Idirnáisiúnta i bhfeidhm chomh luath agus a bhíothas ag súil leis. Fritháiríodh an méadú i mbaill foirne bhreise go páirteach le daoine a d'éirigh as agus le soghluaisteacht trí aistrithe agus arduithe céime. Tháinig an tearc-chaitheamh neamhphá de thart ar €3.4 milliún chun cinn go príomha mar thoradh ar thosca amhail costais laghdaithe dlí, caiteachas TFC a bhí ní b'ísle ná a bhíothas ag súil leis ar thionscadail a mheastar a sholáthrófar sa bhliain 2018, agus costais laghdaithe aistriúcháin le linn na tréimhse tosaigh de chur chun feidhme an Achta um Chosaint Idirnáisiúnta.

# Note 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Táillí cinsireachta scannáin | 1,703 | 1,537 | 1,641 |
| 2 | Táillí cosanta sonraí | 550 | 746 | 747 |
| 3 | Fáltais AE | 500 | 206 | 184 |
| 4 | Fáltais ilghnéitheacha | 583 | 1,047 | 416 |
| 5 | Táillí clárúcháin inimirce | 24,000 | 29,827 | 26,339 |
| 6 | Táillí víosa | 4,000 | 8,300 | 8,741 |
| 7 | Fáltais na gcuntas díomhaoin | 6,000 | 4,269 | 2,940 |
| 8 | Táillí an Údaráis um Shlándáil Phríobháideach | 2,564 | 3,156 | 3,241 |
| 9 | Táillí na dteastas náisiúntachta agus saoránachta | 12,500 | 8,441 | 11,799 |
| 10 | An tÚdarás um Rialáil Seirbhísí Dlí – tobhach ar chomhlachtaí gairmiúla | 1 | — | — |
| 11 | Táillí an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine | 2,300 | 2,250 | 2,260 |
| 12 | Táillí Sheirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | 680 | 672 | 682 |
| 13 | Ranníocaíochtaí pinsin ó fhoireann OSI | 390 | 382 | 375 |
| 14 | Fáltais as asbhaintí a bhaineann le pinsin ón luach saothair don tseirbhís phoiblí | 4,827 | 5,285 | 5,584 |
| | | **60,598** | **66,118** | **64,949** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí leithreasaí-i-gcabhair €5.520 milliún níos mó ná an meastachán .

Tá na míniúcháin leagtha amach thíos:

1 *Táillí cinsireachta scannáin*

Soláthair an mheastacháin: €1.703 milliún, táirgeacht: €1.537 milliún

Tháinig an t-easnamh €0.166 milliún i bhfáltais chun cinn mar gheall ar an laghdú leantach i bhfíseáin a chur isteach lena n-aicmiú. Laghdaíodh an leithdháileadh buiséid don bhliain 2018 dá réir.

2 Táillí cosanta sonraí

Soláthair an mheastacháin: €0.550 milliún, táirgeacht: €0.746 milliún

Tháinig an barrachas €0.196 milliún aníos go príomha as teagmháil leanúnach Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí le rialaitheoirí sonraí agus próiseálaithe sonraí nár athnuaigh a gclárúchán ar aon dul le halt 16 de na hAchtanna um Chosaint Sonraí. I dteannta na tuisceana i bhfad níos mó a bhí ann ar an gceanglas atá ar phróiseálaithe sonraí clárú, chuir sé sin leis an méadú sna táillí a fuarthas sa bhliain.

3 *Fáltais AE*

Soláthair an mheastacháin: €0.5 milliún, táirgeacht: €0.206 milliún

Tháinig an t-easnamh €0.294 milliún i bhfáltais chun cinn mar go bhfuil sé doiligh uainiú na bhfáltas faoin bhfo-mhírcheann seo a thuar. Méadaíodh an leithdháileadh don bhliain 2018 go mór mar go bhfuiltear ag súil le leibhéil mhéadaithe fáltas ó Chiste Sóisialta na hEorpa agus ón gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht.

4 *Fáltais ilghnéitheacha*

Soláthair an mheastacháin: €0.583 milliún, táirgeacht: €1.047 milliún

Tháinig an méadú €0.464 milliún i bhfáltais chun cinn mar go bhfuil sé doiligh suim chruinn na bhfáltas faoin gcatagóir seo a thuar, ar suim í a athraíonn ó bhliain go bliain.

5 *Táillí clárúcháin inimirce*

Soláthair an mheastacháin: €24 milliún, táirgeacht: €29.827 milliún

Tháinig na táillí barrachais €5.827 milliún aníos as an méadú sa líon náisiúnach ó thíortha nach bhfuil sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a cláraíodh sa bhliain. Téann roinnt mhaith tosca, an timpeallacht gheilleagrach atá i réim go háirithe, i bhfeidhm ar an líon clárúchán agus ar an ioncam a ghintear dá bharr.

6 *Táillí víosa*

Soláthair an mheastacháin: €4 milliún, táirgeacht: €8.300 milliún

Tá an barrachas de € 4.3 milliún i dtáillí víosa mar thoradh ar ardú ar éilimh d'iarratais Víosa agus iarratais ath-iontrála. Tá an feabhas ar choinníollacha eacnamaíochta ag cuidiú leis an éileamh agus tá ardú ar ioncam ón bhfoinse seo dá bharr.

7 *Fáltais na gcuntas díomhaoin*

Soláthair an mheastacháin: €6 milliún, táirgeacht: €4.269 milliún

Tháinig an t-easnamh €1.731 milliún chun cinn go príomha mar gur leathadh thar na blianta ó 2016 go 2018 an caiteachas ar thionscnaimh chaipitil agus mheantóireachta i gClár Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána in ionad é a dhéanamh go hiomlán sa bhliain 2017. Anuas air sin, b'amhlaidh, tar éis na hiarratais a fuarthas a athbhreithniú, gur lú ná a bhíothas ag súil leis a bhí an cistiú deontais a formheasadh le haghaidh tionscadail chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac.

8 *Táillí an Údaráis um Shlándáil Phríobháideach*

Soláthair an mheastacháin: €2.564 milliún, táirgeacht: €3.156 milliún

Tháinig na táillí barrachais €0.592 milliún chun cinn mar gurbh airde ná a bhíothas ag súil leis a bhí an líon iarratas a fuarthas ó chonraitheoirí céaduaire. Is féidir an chuid is mó den mhéadú i leith na hearnála slándála leictreonaí a chur síos don gheilleagar feabhsaithe agus do ghníomhaíocht mhéadaithe comhlíonta le 18 mí anuas.

9 *Táillí na dteastas náisiúntachta agus saoránachta*

Soláthair an mheastacháin: €12.5 milliún, táirgeacht: €8.441 milliún

Tháinig an t-easnamh €4.059 milliún chun cinn mar gur lú ná a bhíothas ag súil leis a bhí an líon iarratas ar shaoránacht agus an líon deimhnithe eadóirseachta a eisíodh dá bharr.

14 *Fáltais as asbhaintí a bhaineann le pinsin ón luach saothair don tseirbhís phoiblí*

Soláthair an mheastacháin: €4.827 milliún, táirgeacht: €5.285 milliún

Tá na fáltais bharrachais €0.458 milliún ón bhfoinse seo bainteach go díreach le costais phárolla agus bhí siad níos mó ná a bhíothas ag súil leis.

## 4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 1 | — |
| Fáltais ó ghéilleadh deonach tuarastail | 7 | 1 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (1) | — |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | **7** | **1** |

# Nóta 5 Líon agus Pá na bhfostaithe

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (ar choibhéis lánaimseartha) **ag deireadh na bliana** | **2,633** | **2,378** |

## 5.2 Pá

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 122,774 | 116,163 |
| Liúntais ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 284 | 296 |
| Liúntais eile | 3,272 | 2,837 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 2,465 | 2,340 |
| Iomarcaíocht agus scaoilíocaíocht | — | 58 |
| ÁSPC an Fhostóra | 7,928 | 7,035 |
| **Pá Iomlán** | **136,723** | **128,729** |

Íoctar amach costaisí pá idir líon fo-mhírchinn: A.1, A.3, A.4, A.5, A.6, A.7, A.9, A.10, A.11, A.12, B.1, B.3, B.4, B.7, B.8, B.10, B.11, B.14, B.16, B.17, B.18, B.19, C.1, C.3, C.4, C.5, C.7, D.1, D.3, D.4, E.1 agus E.4.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2017** | **2016** |
| | | | **€** | **€** |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 38 | 9 | 52,906 | 52,906 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 542 | 30 | 29,736 | 47,606 |
| Liúntais uainoibre agus uainchláir | 154 | 8 | 12,009 | 11,578 |
| Ilghnéitheacha | 239 | 29 | 24,644 | 19,112 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 163 | 56 | 31,655 | 32,459 |

## 5.4 Socruithe eile maidir le luach saothair

Íocadh suim de chuid €50,600 san iomlán le naoi státseirbhíseach scortha a bhí i bhfáltas pinsean státseirbhíse in 2017. Lena chois sin, íocadh suim de chuid €283,230 le 21 iar-státseirbhíseach agus €173,044 le seacht ball na breithiúna a bhí gafa le róil éagsúla in 2017. Cuireadh an riail laghdaithe phinsin i bhfeidhm de réir Alt 52 den Acht um Phinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus forálacha eile) 2012.

San iomlán íocadh €1,521,745 tríd an bpárolla do 137 dhuine i dtaca le dualgais a cuireadh i gcrích maidir le boird éagsúla, le coistí éagsúla agus le coimisiúin éagsúla, srl.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

Bunaithe ar thuairiscí a chuir Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte ar fáil, bhí ró-íocaíochtaí de €613,887 (153 fostaí) ann ag deireadh na bliana 2017 (2016: €550,003, 150 fostaí). Tá plean aisghabhála ann i gcás €405,053 (84 fostaí) de seo.

## 5.6 Iomarcaíocht agus scaoilíocaíocht

Ní dhearnadh aon scaoilíocaíochtaí ón Vóta Dlí agus Cirt agus Comhionannais sa bhliain 2017.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Maoiniú AE

Áirítear I dtáirgeachtaí Fo-theidil D.8,E.4,E.3/D.4 agus F.3 sa chlár thíos, caiteachas i dtaca le gníomhaíochtaí cómhaoinithe ag an Aontas Eorpach.

Ina theannta sin, déantar maoiniú do chlár, atá maoinithe ag an AE ar a dtugtar an Clár Sábháilteacht Idirlín Plus, a riar trí chuntas fionraí san Oifig um Shábháilteacht Idirlín. De bharr deacrachtaí teicniúla a bhain le hiarratas a aighniú do mhaoiniú ón AE, b'éigean íocaíochtaí €339,100 a dhéanamh i 2017 ón vóta chun leanúnachas seirbhíse a chinntiú. Ag teacht sna sála ar iarraidh bhreise ar mhaoiniú AE ní ba mhoille sa bhliain 2016, fuarthas suim €385,425 sa bhliain 2017. Bhain cuid den tsuim sin leis an maoiniú vótáilte a soláthraíodh sa bhliain 2016.

Fuair an Roinncistiú i 2017 ar son roinnttionscadalatá cistithe ag an AE agus atá riartha trí chuntas fionraí. Tá roinnt tionscadal sa tSeirbhísPromhaidh san áireamh chomh maith leis an gCiste Tearmainn, Imirce agus Imeasctha.

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Meastachán** | **Táirgeacht** | **Táirgeacht** |
| | | | **€000** | **€000** |
| **Fo-theideal** | **Cur síos** | | | |
| D.8. | Gníomh Dearfach um Chomhionannas Insnce | — | — | 3 |
| E.4. | Fáltais AE (Ciste Tuairisceán na hEorpa) | 50 | — | — |
| E.3./D.4. | Ciste Teifeach na hEorpa/Ciste Imeasctha na hEorpa | 180 | — | — |
| E.3./D.4. | Ciste Tearmainn, Imirce agus Imeasctha | — | — | 181 |
| F.3. | Fáltais AE eile | 270 | 206 | — |
| | | **500** | **206** | **184** |

## 6.2 Coimisiúin agus fiosrúcháin

| | Bliain an cheapacháin | 2016 | 2017 | Caiteachas carntha go 31 Nollaig 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Coimisiúin Buan** | | | | |
| Binse Cúitimh um Dhíobhálacha Coiriúla | 1974 | 36 | 112 | — |
| **Coimisiúin Cuspóirí Seasta** | | | | |
| Binse Morris | 2002 | 1,343 | 78 | 68,773 |
| Binse Smithwick | 2005 | 56 | — | 19,485 |
| Coimisiún um Shuíomh Taisí Íospartach | 2007 | 529 | 259 | 6,997 |
| Coimisiún Imscrúdaithe Ronan MacLochlainn | 2014 | 557 | 16 | 1,169 |
| An Mheicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách agus cúig fhiosrúchán a bunaíodh sa bhliain 2017 faoi Alt 42 d'Acht an Gharda Síochána 2005 | 2014 | 23 | 131 | 525 |
| Fiosrúchán faoi Alt 109 an tAcht Garda Síochána 2005 isteach in iompar fiosrúcháin an Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána | 2015 | 113 | — | 176 |
| Coimisiúin Fiosrúcháin Roinn Gardaí an Cabhán-Muineachán (O'Higgins) | 2015 | 840 | — | 1,792 |
| Athbhreithniú Murray (athbhreithniú ar an dlí maidir le teacht a bheith ar thaifid choinnithe teileachumarsáide iriseoirí) | 2016 | 48 | 49 | 97 |
| An Measúnú Neamhspleách ar Stardust | 2017 | — | 105 | 105 |
| An Binse um Nochtuithe | 2017 | — | 1,039 | 1,039 |
| An Coimisiún ar Thodhchaí na Póilíneachta | 2017 | — | 392 | 392 |
| | | **3,545** | **2,181** | **100,550** |

## 6.3 Dliteanas teagmhasach

Leanfaidh na costais maidir leis an mBinse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla de réir mar a bheidh obair an Bhinse ar bun.

Beidh íocaíochtaí sa bhreis bainteach le Binse Morris, Binse Smithwick, Coimisiúin Ard-Deoise Bhaile Átha Cliath agus Deoise Chluana, Coimisiúin Neamhspleách um Aimsiú Taisí Íospartach, Coimisiúin Fiosrúcháin Ronan Mac Lochlainn, Córas ón meicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách isteach i líomhaintí Garda, Fiosrúchán faoi Alt 109 an tAcht Garda Síochána 2005 isteach in iompar fiosrúcháin an Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána Coimisiúin Fiosrúcháin Roinn Gardaí an Chabháin-Muineachán, an Binse um Nochtuithe agus an Coimisiún ar Thodhchaí na Póilíneachta.

Bunaíodh Binse Morris sa bhliain 2002 agus d'fhoilsigh sé a thuarascáil deiridh sa bhliain 2008. B'ionann costas an Bhinse go dtí deireadh mhí na Nollag 2017 agus €68.8 milliún. Measann an Roinn go ndearnadh an íocaíocht deiridh i mí na Nollag 2017. Mar sin féin, fuarthas comhfhreagras ó aturnaetha a rinne ionadaíocht do pháirtí amháin ag an mBinse inar tugadh le fios go bhféadfadh go gcuirfí tuilleadh nótaí táille isteach.

Chinn Binse Smithwick ag deireadh 2013. Is ann do chostais eile atá le híoc fós maidir le dhá chostas tríú páirtí atá le glanadh fós. Síltear, san iomlán, go mbeadhnacostaisthartar €1.2 milliúin agus tá sé i gceist go nglanfar iad roimh dheireadh na bliana 2018.

Tá obair an Choimisiúin Neamhspleách um Aimsiú Taisí Íospartach ar siúl fós agus braitheann a chuid gníomhaíochta agus a chostais ghaolmhara go mór ar an bhfaisnéis atá ar fáil dó maidir leis na híospartaigh a bhfuil sé ag iarraidh a dtaisí a aimsiú. Baineann na príomhchostais le tochailtí le haghaidh taisí i gcás inar féidir láithreáin a shainaithint. B'ionann agus thart ar €259,000 an caiteachas sa bhliain 2017, rud a fhágann gurb ionann an caiteachas iomlán go dtí seo agus geall le €7 milliún.

Bunaíodh Coimisiún MacLochlainn i Lúnasa 2014. Ba é a bhí i dtéarmaí tagartha an Choimisiúin fiosrú a dhéanamh ar na cúinsí ina ndearna comhaltaí den Gharda Síochána Ronan MacLochlainn a scaoileadh agus a mharú an 1 Bealtaine 1998. Sa tuarascáil ón gCoimisiún ar an 24 Bealtaine 2016, thug Mary Rose Gearty SC, le fios go ndearna duine amháin, a aithníodh sa tuarascáil dheireanach ón gCoimisiún, iarratas chuig an Ard-Chúirt ar an 16 Bealtaine 2016, ag lorg treoir de bhun Alt 35(1)(b) d'Acht um Choimisiúin Imscrúdúcháin 2004, go leasófaí an tuarascáil sula gcuirfí faoi bhráid an An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais í. Caithfear fanacht le cinneadh na hArd-Chúirte maidir leis an iarratas seo sula gcuirfear an tuarascáil faoi bhráid an tAire. Thug an Ard-Chúirt an bhreith uaithi i mí Feabhra 2018 agus ba i bhfabhar an Choimisiúin a bhí an bhreith sin. Meastar gur sa bhliain 2018 a íocfar aon chostais eile atá fágtha.

Ag teacht sna sála ar an obair a rinne an Mheicníocht Athbhreithnithe Neamhspleách, chuir an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais cúig fhiosrúchán ar bun an 15 Bealtaine 2017 faoi alt 42 d'Acht an Gharda Síochána 2005 chun fiosrú a dhéanamh ar chúig imscrúdú ar leith de chuid an Gharda Síochána. Tá tacaíocht cóiríochta agus tacaíocht riaracháin á gcomhroinnt lena chéile ag na cúig fhiosrúchán. Tabhaíodh caiteachas €131,000 sa bhliain 2017. Meastar gurb ionann agus thart ar €895,000 an costas a bhaineann leis na fiosrúcháin sin. Meastar gur sa bhliain 2018 a íocfar an tsuim €764,000 atá fágtha, ar suim í lena n-áirítear costais dlí tríú páirtí.

Bunaíodh fiosrúchán i mí Meithimh 2015 maidir le hiomparfiosrúcháin Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC) faoi Alt 109 d'Acht an Gharda Síochána. Fuair an Roinn an tuairisc maidir leis an gcás seo le linn na bliana 2016. Ní raibh aon chaiteachas gaolmhar ann don Fhiosrúchán seo sa bhliain 2017. Tá sé fós le socrú an mbeidh aon chostas tríú pháirtí i gceist sa chás seo.

Cuireadh tús le Coimisiún Fiosrúcháinmaidir le Roinn Gardaí an Chabháin-Muineacháin i mí Feabhra 2015 agus thuairiscigh an méid a bhí déanta i mí Bealtaine 2016. Tá dúshlán dlí tugtha i dtaca le gnéithe áirithe de na costais sa chás seo. Ní fios na torthaí ar na himeachtaí seo fós. Is dóigh do roinnt caiteachais teacht chun cinn sa chomhthéacs sin agus ní féidir an tsuim sin a mheas ag an am seo.

Ceapadh an t-iar-Phríomh-Bhreitheamh, an tUas. John Murray, chun athbhreithniú neamhspleách neamhreachtúil a dhéanamh ar an dlí a bhaineann le rochtain a cheadú ar thaifid theileachumarsáide de chuid iriseoirí. Cuireadh an tuarascáil uaidh isteach i mí Aibreáin 2017. Is ionann agus €97,000 an caiteachas iomlán ar Athbhreithniú Murray go dtí seo. Níl sé beartaithe go dtiocfaidh aon chaiteachas breise chun cinn.

Rinne an Breitheamh Pat McCartan an Measúnú Neamhspleách ar Stardust sa bhliain 2017. Cheap an Rialtas an Breitheamh McCartan chun meas a dhéanamh ar an bhfianaise nua uasdátaithe a chuir Coiste Íospartach Stardust i láthair maidir le tubaiste Stardust. Ghlac an Rialtas leis an tuarascáil measúnachta i mí na Samhna 2017 agus tugadh don Choiste í lom láithreach ina dhiaidh sin sula bhfoilseofaí í. Ní mheastar go dtiocfaidh aon chostais eile chun cinn.

Bunaíodh an Binse um Nochtuithe i mí Feabhra 2017. Is é an Breitheamh Onórach Peter Charleton, breitheamh de chuid na Cúirte Uachtaraí, an t-aon chomhalta amháin den Bhinse. Bunaíodh an Binse tar éis athbhreithnithe a rinne an Breitheamh Onórach Iarfhlaith O'Neill ar dhá nochtadh chosanta a rinneadh don Tánaiste ag an am, inar líomhnaíodh go raibh feachtas ar siúl ar an leibhéal is airde den Gharda Síochána chun míchlú a tharraingt ar an Sáirsint Maurice McCabe, an sceithire a rinne líomhaintí go raibh éagóir ar bun sa Gharda Síochána. Ní féidir costais deiridh an Bhinse a mheas go cruinn mar go mbeidh siad ag brath ar roinnt tosca, lena n-áireofar suim aon chostas dlí tríú páirtí a bheidh iníoctha.

Rinne an Rialtas an Coimisiún ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn, atá faoi chathaoirleacht Kathleen O'Toole Uas., a chur ar bun i mí na Bealtaine 2017 chun scrúdú cuimsitheach a dhéanamh ar an bpóilíneacht agus treoirphlean a fhorbairt le haghaidh thodhchaí na póilíneachta in Éirinn. Faoina théarmaí tagartha, ceanglaítear ar an gCoimisiún athbhreithniú bunúsach a dhéanamh ar ról, struchtúir, ceannaireacht, bainistíocht, éiteas agus cultúr na póilíneachta agus ar shocruithe reatha maoirseachta agus comhairliúcháin. Tá an tuarascáil uaidh le cur faoi bhráid an Rialtais ag an gCoimisiún faoi mhí Mheán Fómhair 2018. Meastar go mbeidh caiteachas iomlán an Choimisiúin cothrom le thart ar €1.5 milliún.

## 6.4 Íocaíochtaí ex-gratia

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia ar luach €100,817 (2016: €85,231) maidir leis an Scéim Chúnaimh Dhlí neamhreachtúil do bhearta de chineál BSC. Tá an scéim seo infheidhmithe do dhaoine ar freagróirí agus/nó cosantóirí iad in aon imeachtaí cúirte a chuirtear i gcrích ag, nó in ainm, an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla, imeachtaí cúirte an Achta um Fháltais Choiriúlachta 1996, na hAchtanna um Choimisinéirí Ioncaim agus na hAchtanna um Leas Sóisialach agus iarratais a rinneadh ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí faoi Alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil 1994.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia ar luach €1,864,426 (2016: €1,771,092) maidir leis an Scéim neamhreachtúil Chomhairle Cúnaimh Dhlí Stáisiúin Gharda. Déanann an scéim seo soláthar gó n-íocfaidh an Stát as comhair liúcháin le dlíodóirí,, sa chás go ndéanfaí duine a choimeád i stáisiún Garda do chuspóirí imscrúdaithe ar choir agus go bhfuil sé de theidlíocht dlí aige/aici dul i gcomhairle le dlíodóir ach gan dóthain acmhainne a bheith ag an duine le go n-íocfadh sé/sí as a leithéid de chomhairliúchán, go n-íocfar as comhairliúcháin le dlíodóirí ag an Stát.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia ar luach iomlán €15,759 (2016: €22,182) i roinnt cásanna maidir le seirbhís na gCróinéirí. Baineann na híocaíochtaí faoi thrácht le costas na hionadaíochta dlí ag ionchoisní faoi bhás daoine a bhí faoi choimeád an Stáit.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia ar €19,552 (2016: €3,144) maidir le 14 chás eile maidir le cúnamh dlí in imeachtaí cóiriúla.

## 6.5 Ciste um Thionscnamh na nDrugaí

Fuarthas suim de €350,183 (2016: €347,349) ón gCiste Tionscnaimh Dhrugaí agus mínítear an tsuim sin trí mheán cuntais ar fionraí. Déantar soláthar don mhaoiniú faoin Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí 2009 – 2016 agus baineann sin le roinnt tionscadal ar le Tascfhórsaí Áitiúla Drugaí iad ar tionscnaimh iad a dtacaíonn an tSeirbhís Phromhaidh leo.

## 6.6 Cúiteamh agus costais dlí

| | | | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Uimhir cásanna** | **Costais dlíthiúil íoctha ag an Roinn** | **Costais dlíthiúil bronnta** | **Cúiteamh bronnta** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Éilimh ag baill an phobail | 275 | 1,929 | 6,825 | 5 | 8,759 | 6,966 |
| Éilimh ó fhostaithe | 4 | 47 | 175 | 15 | 237 | — |
| **Iomlán** | | **1,976** | **7,000** | **20** | **8,996** | **6,966** |

Luach iomlán costas dlíthiúil de €8,996,000, baineann €4,802,000 (53%) le Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (SEIÉ). Iompraíodh na costais dlí eile ar fud roinnt réimsí den Roinn, lena n-áirítear Rannán Cúirteanna na Roinne, Oifig den Choimisinéir Cosanta Sonraí, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, an tÚdarás um Shlándáil Phríobháideach agus an tÚdarás Rialála Seirbhísí.

## 6.7 Ús ar phrasíocaíochtaí cuntais

Ba é €2,087 (2016: €3,836) suim an úis ar phrasíocaíochtaí a thabhaigh an Roinn in 2017.

## Aguisín A Cuntais na comhlachtaí agus cistí faoi choimirce na Roinne Dlí agus Ceart agus Comhionannas

Seo a leanas tábla le liosta de na comhlachtaí faoi choimirce na Roinne agus áit a bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léiríonn sé, **amhail ar dheireadh Mhárta 2018,** an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deireanacha agus cathain a cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| Comhlacht/ ciste na rinne | Tréimhse chuntasaíochta dheiridh | Dáta an tuairisc iniúchta | Dáta faighte ag Aire/ Roinn | Dáta curtha i láthair an Oireachtais |
|---|---|---|---|---|
| An Biúró um Shócmhainní Coiriúla | 31 Nollaig 2016 | 20 Nollaig 2017 | 21 Nollaig 2017 | 15 Eanáir 2018 |
| Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána | 31 Nollaig 2016 | 22 Nollaig 2017 | 8 Eanáir 2018 | 28 Feabhra 2018 |
| Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | 31 Nollaig 2016 | 28 Aibreán 2017 | 10 Bealtaine 2017 | 30 Bealtaine 2017 |
| An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | 31 Nollaig 2016 | 6 Nollaig 2017 | 12 Nollaig 2017 | 7 Márta 2018 |
| An tÚdarás Náisiúnta Míchumais | 31 Nollaig 2016 | 28 Meitheamh 2017 | 18 Iúil 2017 | 25 Iúil 2017 |
| Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí | 31 Nollaig 2016 | 14 Nollaig 2017 | 21 Nollaig 2017 | 5 Feabhra 2018 |
| An tÚdarás um Shlándáil Phríobháideach | 31 Nollaig 2016 | 2 Lúnasa 2017 | 29 Lúnasa 2017 | 20 Meán Fómhair 2017 |
| Údarás Rialála na Seirbhísí Réadmhaoine | 31 Nollaig 2016 | 16 Meitheamh 2017 | 24 Iúil 2017 | 20 Meán Fómhair 2017 |

.